

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2246 ÓN gCOIMISIÚN****an 15 Nollaig 2021****lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail agus na ceanglais ghinearálta atá i ndlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (b)(ii), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 47(2), pointe (b), agus Airteagal 54(4), pointe (a) agus pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, leagtar síos rialacha maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ar bhia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus maidir le forchur coinníollacha speisialta lena rialaítear teacht isteach coinsíneachtaí bia agus beatha áirithe san Aontas ó thríú tíortha áirithe de dheasca an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, peinteoclóraifeanól agus dé-ocsainí, agus éilliú micróbach, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (2) Foráiltear in Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 go ndéanfar athbhreithniú ar bhonn rialta nach faide ná 6 mhí ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, chun faisnéis nua a bhaineann le rioscaí do shláinte an duine agus le neamhchomhlíontacht le reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh, amhail na sonraí a thagann as fógraí a fhaightear tríd an gcóras mear-rabhaidh a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chomh maith le sonraí agus faisnéis a bhaineann le coinsíneachtaí agus le torthaí na seiceálacha doiciméadacha, céannachta agus fisiceacha arna gcur in iúl ag na Ballstáit don Choimisiún.
- (3) Le tarlú teagmhas bia le déanaí a fógraíodh tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe ("RASFF") lenar léiríodh gur ann do riosca tromchúiseach díreach nó neamhdhíreach do shláinte an duine a thagann ó bhia nó ó bheatha, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, agus le hábharthacht na dteagmhas sin, agus le

<sup>(1)</sup> IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89).

faisnéis faoi na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar bhia agus ar bheatha nach de bhunadh ainmhíoch iad sa chéad seimeastar de 2021, léirítear gur cheart na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú chun sláinte an duine a chosaint san Aontas.

- (4) Ó bhí Eanáir 2019 ann, tá piseanna talún agus táirgí a tháirgtear as piseanna talún ón Airgintín faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíontacht na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Tá fianaise sna torthaí sin nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas. Dá thoradh sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go mbeidh deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht lena sonraítear gur léir ó thorthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chomhlíonadh (\*). An tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit leanúint de rialuithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal comhlíontachta atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le piseanna talún ón Airgintín in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha á choinneáil ag 5 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (5) Ó bhí Eanáir 2019 ann, tá collchnónna agus táirgí a tháirgtear ó chollchnónna ón Asarbaiseáin faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíontacht na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Tá fianaise sna torthaí sin nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas. Dá thoradh sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil le gach coinsíneacht lena sonraítear go léiríonn torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á chomhlíonadh. An tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit leanúint de rialuithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal comhlíontachta atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le collchnónna ón Asarbaiseáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha á choinneáil ag 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (6) Ó bhí Eanáir 2019 ann, tá an piobar dubh (*Piper nigrum*) ón mBrasaíl faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó *Salmonella*. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.
- (7) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le hallmhairiú an phiobair dhuibh (*Piper nigrum*) ón mBrasaíl, sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Thar aon ní eile, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht den phiobar dubh ón mBrasaíl lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailíse nach bhfuil *Salmonella* in 25 g. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann leis an bpiobar dubh ón mBrasaíl in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, le leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (8) Maidir le coinsíneachtaí de mhealbhacáin *Galia (Cucumis melo var. Reticulatus)* ó Hondúras, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ann do shláinte an duine, de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó *Salmonella Braenderup*. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach na dtráchtearraí sin ó Hondúras. Dá bhrí sin, ba cheart na tráchtearraí sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (9) Ó bhí Eanáir 2019 ann, tá piobair mhilse (*Capsicum annum*) ón tSín faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó *Salmonella*. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíontacht na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla ar leibhéal 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach

(\* Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéal iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

san Aontas i gcás an tráchtearra sin. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint de rialuithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal comhlíontachta atá ann faoi láthair. Ba cheart an iontráil chomhfhreagrach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a mhodhnú agus minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a laghdú go 10 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

- (10) Ó bhí Eanáir 2019 ann, tá ubhthorthaí (*Solanum melongena*) ón bPoblacht Dhoiminiceach faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.
- (11) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le forchur coinníollacha speisialta i ndáil le hubhthorthaí (*Solanum melongena*), sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go háirithe, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí uile an tráchtearra sin ón bPoblacht Dhoiminiceach lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí do choinsíneachtaí bia agus beatha a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 á chomhlíonadh de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le hubhthorthaí (*Solanum melongena*) ón bPoblacht Dhoiminiceach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha á choinneáil ag 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (12) Ó bhí Eanáir 2010 ann, tá piobair den ghéineas *Capsicum* agus pónairí asparagais ón bPoblacht Dhoiminiceach faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.
- (13) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le forchur coinníollacha speisialta i ndáil le piobair den ghéineas *Capsicum* agus pónairí asparagais ón bPoblacht Dhoiminiceach, sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go háirithe, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí uile de phiobair den ghéineas *Capsicum* agus de phónairí asparagais ón bPoblacht Dhoiminiceach lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí le haghaidh coinsíneachtaí bia agus beatha a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 á chomhlíonadh de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le piobair den ghéineas *Capsicum* agus pónairí asparagais ón bPoblacht Dhoiminiceach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha á choinneáil ag 50 %.
- (14) Maidir le coinsíneachtaí de lorgaí sicín (*Moringa oleifera*) ón India, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit, go bhfuil rioscaí nua ann do shláinte an duine, de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le hiontrálacha an tráchtearra sin ón India. Dá bhrí sin, ba cheart na tráchtearraí sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 %.
- (15) Maidir le coinsíneachtaí de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ón India, braitheadh ardmhinicíocht neamhchomhlíontachta a mhéid a bhaineann leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a mhéadú go 20 %.
- (16) Maidir le coinsíneachtaí ríse ón India agus ón bPacastáin, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis faoi rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua do shláinte an duine ag teacht chun cinn de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó aflatocsainí agus ócratocsainí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal i leith teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha na dtráchtearraí sin ón India agus ón bPacastáin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 %.

- (17) Maidir le coinsíneachtaí gotukola (*Centella asiatica*) agus mukunuwenna (*Alternanthera sessilis*) ó Shrí Lanca, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis faoi rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ann do shláinte an duine, de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha na dtráchtearraí sin ó Shrí Lanca a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 %.
- (18) Ó bhí Aibreáin 2021 ann, tá collchnónna agus táirgí a tháirgtear ó chollchnónna ón Tuirc faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin gur sásúil atá leibhéal foriomlán comhlíontachta na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla i gcás na dtráchtearraí sin agus ba cheart an iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir leis na tráchtearraí sin a scriosadh.
- (19) Maidir le coinsíneachtaí seadóg ón Tuirc, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis faoi rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua do shláinte an duine ag teacht chun cinn de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha an tráchtearra sin ón Tuirc a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 %.
- (20) Ó bhí Eanáir 2020 ann, mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí); cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla agus oráistí ón Tuirc, tá siad faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.
- (21) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le forchur coinníollacha speisialta i ndáil le mandairíní agus oráistí ón Tuirc, sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go háirithe, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí uile mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí); cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla agus oráistí ón Tuirc lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailíse go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí le haghaidh coinsíneachtaí bia agus beatha a liostaítear in Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 á chomhlíonadh de dheasca an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil a bhaineann le mandairíní agus oráistí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, le leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha á ardú go 20 %.
- (22) Maidir le coinsíneachtaí de shíolta cuimín agus d'oragán triomaithe ón Tuirc, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis faoi rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ann do shláinte an duine, de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó alcalóidigh phioróilísidín. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha na dtráchtearraí sin ón Tuirc a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.
- (23) Maidir le *pitahaya* (draigineoga) ó Vítneam, braitheadh ardmhinicíocht neamhchomhlíontachta a mhéid a bhaineann leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le hIarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a mhéadú go 20 %.
- (24) Tá baint ag an riosca a thagann as éilliú piseanna talún le haflatocsainí agus le taos piseanna talún. Dá bhrí sin, chun cosaint éifeachtúil a áirithiú ar rioscaí sláinte a d'fhéadfadh a theacht as éilliú taois piseanna talún le haflatocsainí, sna colúin a thagraíonn do "Bia agus Beatha (úsáid bheartaithe)" agus do "Cód AC" in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn

II, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, ba cheart an chatagóir “taos piseanna talún” agus cóid AC ábhartha maidir le taos piseanna talún a chur isteach i gcás na n-iontrálacha a bhaineann le piseanna talún le haghaidh na hAirgintíne, na Bolaive, na Brasaíle, na Síne, Mhadagascar, na Seineagáile agus na Stát Aontaithe in Iarscríbhinn I agus le haghaidh na hÉigipte, Ghána, na Gaimbia, na hIndia agus na Súdáine in Iarscríbhinn II.

- (25) Ó bhí Deireadh Fómhair 2020 ann, tá síolta ón India faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla i bhfianaise an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí lena n-áirítear ocsaíd eitiléine. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit agus an fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíontacht na gceanglas ábhartha i reachtaíocht an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí seachas ocsaíd eitiléine. Dá bhrí sin, ní gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a dhéanamh a thuilleadh ar choinsíneachtaí den siol seasamam i ndáil le héilliú a d'fhéadfadh a bheith ann le hiarmhair lotnaidicídí ar féidir anailís a dhéanamh orthu le modhanna il-iarmhair. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil chomhfhreagrach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a mhodhnú dá réir.
- (26) Léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus an fhaisnéis faoi rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua do shláinte an duine ag teacht chun cinn de dheasca éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó ocsaíd eitiléine, ar gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal ina leith dá dheasca. Aicmítear ocsaíd eitiléine mar shó-ghineach, catagóir 1B, carcanaigin, catagóir 1B, agus mar thocsain atáirgthe, catagóir 1B, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(\*)</sup>. Thairis sin, ní fhorhfeastar ocsaíd eitiléine mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí cosanta plandaí san Aontas.
- (27) Maidir le coinsíneachtaí de phónairí lócaiste (carúb), gumalachtaí agus tiúsóirí, bídis modhnaithe nó ná bídis, a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste nó ó shíolta pónaire lócaiste ó Mharacó, taos spíosraí ó Mheicsiceo agus piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Uganda, léiríonn torthaí ó rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil éilliú ann ó ocsaíd eitiléine.
- (28) Dá bhrí sin, chun cosaint éifeachtúil a áirithiú ar rioscaí sláinte a d'fhéadfadh a theacht as éilliú na dtráchtearraí sin, ba cheart coinsíneachtaí de phónairí lócaiste (carúb), gumalachtaí agus tiúsóirí, bídis modhnaithe nó ná bídis, a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste nó ó shíolta lócaiste ó Mharacó, taos spíosraí ó Mheicsiceo agus piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) ó Uganda, ba cheart iad sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 10 %.
- (29) Agus líon na bhfógraí RASFF a fuarthas á gcur san áireamh, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta le haghaidh coinsíneachtaí de ghuma xantáin ón tSín, de phónairí lócaiste (lena n-áirítear gumalachtaí agus tiúsóirí a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste), de ghuma Guair, de roinnt spíosraí, de charbónáit chailciam agus d'fhorbhianna ina bhfuil luibheanna ón India, d'fhorbhianna ina bhfuil luibheanna agus de núdail ar an toirt ón gCóiré Theas, de phónairí lócaiste (lena n-áirítear gumalachtaí agus tiúsóirí a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste) ón Malaeisia agus ón Tuirc, agus de núdail ar an toirt ó Vítneam. De dheasca an riosca éillithe ó ocsaíd eitiléine, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí na dtráchtearraí sin lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailís go bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéal iarmhar lotnaidicídí ocsaíde eitiléine le haghaidh coinsíneachtaí bia agus beatha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, go bhfuil an Rialachán sin á chomhlíonadh. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailís a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, maidir le hiontrálacha a bhaineann le coinsíneachtaí de ghuma xantáin ón tSín, de phónairí lócaiste (lena n-áirítear gumalachtaí agus tiúsóirí a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste), de ghuma Guair, de roinnt spíosraí, de charbónáit chailciam agus d'fhorbhianna ina bhfuil luibheanna ón India, d'fhorbhianna ina bhfuil luibheanna agus de núdail ar an toirt ón gCóiré Theas, de phónairí lócaiste (lena n-áirítear gumalachtaí agus tiúsóirí a dhíorthaítear ó phónairí lócaiste) ón Malaeisia agus ón Tuirc, agus de núdail ar an toirt ó Vítneam, ba cheart iad sin a áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha socraithe ag 20 %.
- (30) Chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú, is iomchuí Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a ionadú ina n-iomláine leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

<sup>(\*)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

- (31) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthrémhse le haghaidh coinsíneachtaí den phiobar dubh (*Piper nigrum*) ón mBrasaíl, d'ubhthorthaí (*Solanum melongena*), de phiobair mhilse (*Capsicum annuum*), de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) agus pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón bPoblacht Dhoiminiceach agus de mhandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla agus oráistí ón Tuirc nach bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leo, agus a bhí faoi réir rialuithe oifigiúla ag an bpost rialaithe teorann cheana i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais a bhí i bhfeidhm an tráth áirithe sin.
- (32) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú dá réir.
- (33) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

“Airteagal 14

#### An idirthrémhse

Maidir le coinsíneachtaí den phiobar dubh (*Piper nigrum*) ón mBrasaíl, d'ubhthorthaí (*Solanum melongena*), de phiobair mhilse (*Capsicum annuum*), de phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse) agus pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón bPoblacht Dhoiminiceach agus de mhandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí), cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla agus oráistí ón Tuirc a bhí faoi réir rialuithe oifigiúla roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, údarófar a dteacht isteach san Aontas go dtí an 26 Eanáir 2022 gan deimhniú oifigiúil ná torthaí samplála agus anailíse a bheith ag gabháil leis.”;

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II.

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtarán  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN I

Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhióch iad ó thrú tiortha áirithe atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus ag pointí rialaithe

Sraith	Tír thionscnaimh	Bia agus Beatha (úsáid bheartaithe)	Cód AC <sup>(1)</sup>	Foroinn TARIC	Guais	Minicíocht na seiceálacha sainaitheantais agus fisiceacha (%)
1	an Airgintín (AR)	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00			
		— Piseanna talún, iad scilligthe	— 1202 42 00			
		— Im piseanna talún	— 2008 11 10			
		— Piseanna talún, iad ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;			
			— ex 2008 19 12;	<b>40</b>		
			— ex 2008 19 13;	<b>40</b>		
			— ex 2008 19 19;	<b>50</b>		
			— ex 2008 19 92;	<b>40</b>		
			— ex 2008 19 93;	<b>40</b>	Aflatocsainí	5
			— ex 2008 19 95;	<b>40</b>		
			— ex 2008 19 99	<b>50</b>		
			— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00		
			— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún	— ex 1208 90 00	<b>20</b>	
	— Taos piseanna talún (Bia agus beatha)	— ex 2007 10 10	<b>80</b>			
		— ex 2007 10 99	<b>50</b>			
		— ex 2007 99 39	<b>07; 08</b>			

2	an Asarbai- seáin (AZ)	— Collchnónna ( <i>Corylus</i> sp.), sa bhlaosc	— 0802 21 00				
		— Collchnónna ( <i>Corylus</i> sp.), scilligthe	— 0802 22 00				
		— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	— ex 0813 50 39;	<b>70</b>			
			ex 0813 50 91;	<b>70</b>			
			ex 0813 50 99	<b>70</b>			
		— Taos collchnónna	— ex 2007 10 10;	<b>70</b>			
			ex 2007 10 99;	<b>40</b>			
			ex 2007 99 39;	<b>05; 06</b>			
			ex 2007 99 50;	<b>33</b>			
			ex 2007 99 97	<b>23</b>			
		— Collchnónna, iad ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 12;	<b>30</b>			
			ex 2008 19 19;	<b>30</b>			
			ex 2008 19 92;	<b>30</b>			
			ex 2008 19 95;	<b>20</b>			
			ex 2008 19 99;	<b>30</b>			
			ex 2008 97 12;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 14;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 16;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 18;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 32;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 34;	<b>15</b>			
			ex 2008 97 36;	<b>15</b>			
ex 2008 97 38;	<b>15</b>						
ex 2008 97 51;	<b>15</b>						
ex 2008 97 59;	<b>15</b>						
ex 2008 97 72;	<b>15</b>						
ex 2008 97 74;	<b>15</b>						
ex 2008 97 76;	<b>15</b>						
ex 2008 97 78;	<b>15</b>						
ex 2008 97 92;	<b>15</b>						
ex 2008 97 93;	<b>15</b>						
ex 2008 97 94;	<b>15</b>						
ex 2008 97 96;	<b>15</b>						
ex 2008 97 97;	<b>15</b>						
ex 2008 97 98;	<b>15</b>						
— Plúr, min agus púdar collchnónna	— ex 1106 30 90	<b>40</b>					
— Ola collchnónna ( <i>Bia</i> )	— ex 1515 90 99	<b>20</b>					
				Aflatocsainí	20		

3	<b>an Bholairv (BO)</b>	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		Aflatocsainí	50
		— Piseanna talún, iad scilligthe	— 1202 42 00			
		— Im piseanna talún	— 2008 11 10			
		— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; — 2008 11 96; — 2008 11 98			
		— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00			
		— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún	— ex 1208 90 00	<b>20</b>		
4	<b>an Bhrasaíl (BR)</b>	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		Aflatocsainí	10
		— Piseanna talún, iad scilligthe	— 1202 42 00			
		— Im piseanna talún	— 2008 11 10			
		— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; — 2008 11 96; — 2008 11 98			
4	<b>an Bhrasaíl (BR)</b>	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00		Iarmhair lotnaidicídí <sup>(?)</sup>	20
		— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún	— ex 1208 90 00	<b>20</b>		
		— Taos piseanna talún ( <b>Bia agus beatha</b> )	— ex 2007 10 10	<b>80</b>		
			— ex 2007 10 99	<b>50</b>		
		— ex 2007 99 39	<b>07; 08</b>			

5	an tSín (CN)	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00				
		— Piseanna talún, iad scilligthe	— 1202 42 00				
		— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
		— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98				
		— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00			Aflatocsainí	10
		— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún	— ex 1208 90 00	<b>20</b>			
		— Taos piseanna talún <b>(Bia agus beatha)</b>	— ex 2007 10 10 — ex 2007 10 99 — ex 2007 99 39	<b>80</b> <b>50</b> <b>07; 08</b>			
	Piobair mhilse ( <i>Capsicum annuum</i> ) <b>(Bia – brúite nó meilte)</b>	ex 0904 22 00	<b>11</b>		Salmonella <sup>(6)</sup>	10	
	Tae, bíodh sé blaitithe nó ná bíodh <b>(Bia)</b>	0902			Iarmhair Lotnaidicídí ( <sup>3</sup> ) ( <sup>9</sup> )	20	
6	an Éigipt (EG)	— Piobair mhilse ( <i>Capsicum annuum</i> )	— 0709 60 10; 0710 80 51				
		— Piobair den ghéineas <i>Capsicum</i> (seachas piobair mhilse) <b>(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)</b>	— ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	<b>20</b> <b>20</b>		Iarmhair lotnaidicídí ( <sup>3</sup> ) ( <sup>9</sup> )	20
7	an tSeoirsia (GE)	— Collchnónna ( <i>Corylus</i> sp.), sa bhlaosc	— 0802 21 00				
		— Collchnónna ( <i>Corylus</i> sp.), iad scilligthe	— 0802 22 00				
		— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	— ex 0813 50 39;  ex 0813 50 91; ex 0813 50 99	<b>70</b>  <b>70</b> <b>70</b>		Aflatocsainí	20



10	an India (IN)	Duilleoga curáí ( <i>Bergera/Murraya koenigii</i> ) ( <b>Bia - úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe</b> )	ex 1211 90 86	<b>10</b>	Iarmhair lotnaidicídí <sup>(?) (11)</sup>	50
		Ocra ( <b>Bia - úr, fuaraithe nó reoite</b> )	ex 0709 99 90; ex 0710 80 95	<b>20</b> <b>30</b>	Iarmhair lotnaidicídí <sup>(?) (12) (22)</sup>	20
